Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2023/755

20.11.2023

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Meán Fómhair 2023 – Banco Santander agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cásanna T-12/15, T-158/15 agus T-258/15) ([1])**

***(Státchabhair – Scéim chabhrach arna cur chun feidhme ag an Spáinn – Asbhaint cánach chorparáide lena dtugtar cead do ghnóthais atá ina gcónaitheoirí chun críoch cánach sa Spáinn le haghaidh amúchadh ar cháilmheas a eascraíonn as éadáil indíreach ar scairsheilbh i ngnóthais neamhchónaitheacha trí éadáil díreach ar scairsheilbh i gcuideachtaí sealbhaíochta neamhchónaitheacha – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an scéim chabhrach neamhdhleathach agus ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus lena n-ordaítear aisghabháil na cabhrach arna híoc – Cinneadh 2011/5/CE – Cinneadh 2011/282/AE – Raon feidhme – Acht a tharraingt siar – Deimhneacht dhlíthiúil – Ionchais dhlisteanacha)***

(C/2023/755)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

## Páirtithe

*Iarratasóirí i gCás T-12/15:* Banco Santander, SA (Santander, an Spáinn), Santusa Holding, SL (Boadilla del Monte, an Spáinn) (ionadaithe: E. Abad Valdenebro, R. Calvo Salinero, A. Lamadrid de Pablo agus V. Romero Algarra, Dlíodóirí)

*Iarratasóirí i gCás T-158/15:* Abertis Infraestructuras, SA (Barcelona, an Spáinn), Abertis Telecom Satélites, SA (Maidrid, an Spáinn) (ionadaithe: A. Lamadrid de Pablo, M. Santa María Fernández, E. Abad Valdenebro, R. Calvo Salinero, M. Cenzual Aldaz agus V. Romero Algarra, Dlíodóirí)

*Iarratasóir i gCás T-258/15:* Axa Mediterranean Holding, SA (Palma de Mallorca, an Spáinn) (ionadaithe: A. Lamadrid de Pablo, E. Abad Valdenebro, R. Calvo Salinero, V. Romero Algarra agus I. Otaegi Amundarain, Dlíodóirí)

*Cosantóir* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: P. Němečková, B. Stromsky agus C. Urraca Caviedes, Gníomhairí)

## Ábhar

Lena gcaingne de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí go gcuirfí Cinneadh (AE) 2015/314 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le Státchabhair SA.35550 (13/C) (ex 13/NN) (ex 12/CP) arna chur chun feidhme ag an Spáinn – Scéim amúchadh cánach ar cháilmheas airgeadais le haghaidh éadáil scairsheilbh eachtracha (IO 2015 L 56, lch. 38) ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1. Déantar Cásanna T-12/15, T-158/15 agus T-258/15 a uamadh chun críocha an bhreithiúnais.
2. Déantar Cinneadh (AE) 2015/314 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2014 maidir le Státchabhair SA.35550 (13/C) (ex 13/NN) (ex 12/CP) arna chur chun feidhme ag an Spáinn – Scéim amúchadh cánach ar cháilmheas airgeadais le haghaidh éadáil scairsheilbh eachtracha arna chur ar neamhní.
3. Ordaítear don Choimisiún Eorpach na costais a íoc.

---

([1]) IO C 81, 9.3.2015.